

Gníomhaíocht Daltaí: Ag réiteach cothromóidí san fhoirm $ax + b = c$

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach, 'Cothromóid $ax + b = c$ ', ar CD an Dalta.

$a = 3$ $b = 2$
 $c = 5$ **An chothromóid faoi láthair $3x + 2 = 5$**

Bog na sleamhnóirí agus déan an chothromóid $ax + b = c$

$3x + 2 + (-2) = 5 + (-2)$
 $3x = 3$
Roinn an dá thaobh ar 3 $x = 1$


$3(1) + 2 = 5$
 $5 = 5$

Clliceáil chun céim 1 a fheiceáil
 Clliceáil chun céim 2 a fheiceáil
 Clliceáil chun céim 3 a fheiceáil
 Clliceáil chun an pointe a léiriú ar an uimhirlíne
 Clliceáil chun an réiteach a sheiceáil

1. **Réitigh**, leis an ailgéabar, na cothromóidí seo a leanas, nuair atá $x \in \mathbb{Z}$. **Léirigh do réiteach ar an uimhirlíne** thíos agus **seiceáil an réiteach a fuair tú**:

a.

	An rud a dhéantar ar an taobh clé den chothromóid.	$2x + 3 = 7$	An rud a dhéantar ar an taobh deas den chothromóid.
Céim 1			
Céim 2			
Céim 3			



Seiceáil do réiteach.

b.

	An rud a dhéantar ar an taobh clé den chothromóid.	$3x - 3 = 9$	An rud a dhéantar ar an taobh deas den chothromóid.
Céim 1			
Céim 2			
Céim 3			



Seiceáil do réiteach.

c.


	An rud a dhéantar ar an taobh clé den chothromóid.	$4x + 5 = 17$	An rud a dhéantar ar an taobh deas den chothromóid.
Céim 1			
Céim 2			
Céim 3			



Seiceáil do réiteach.

d.

	An rud a dhéantar ar an taobh clé den chothromóid.	$4x - 5 = 19$	An rud a dhéantar ar an taobh deas den chothromóid.
Céim 1			
Céim 2			
Céim 3			




Seiceáil do réiteach.


2. Agus tú ag réiteach na gcothromóidí in 1 thuas, céard a thugann tú faoi deara maidir leis an rud a dhéantar ar an taobh clé, agus an rud a dhéantar ar an taobh deas?

3. Réitigh na cothromóidí seo a leanas leis an ailgéabar nuair atá $x \in \mathbb{Z}$, léirigh do réiteach ar an uimhirlíne thíos agus seiceáil do réiteach:

a) $4x - 5 = 27$



b) $4(x+2) = 16$



c) $-3(x + 2) = 9$



4. Agus tú ag réiteach na cothromóide $3x + 4 = 10$ $x \in \mathbb{Z}$:

a. Cén fáth a suimíonn tú -4 le gach taobh?

b. Cén fáth a roinneann tú í ar 3 ansin?

c. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach na céimeanna sin a dhéanamh in ord faoi leith?

5. Smaoinigh Breandán ar uimhir agus shuimigh sé 3 léi. Bhí an t-iomlán ansin cothrom le 15. Scríobh é sin mar chothromóid. Réitigh an chothromóid agus seiceáil an réiteach a fuair tú.

-
-
6. Smaoinigh Siobhán ar uimhir, dhealaigh sí 5 ón uimhir agus b'é 10 an freagra a bhí aici ansin. Léirigh é sin mar chothromóid. Réitigh an chothromóid agus seiceáil do réiteach.

-
-
-
-
7. Tá líon áirithe bó ag feirmeoir, agus tá sé i gceist aige an líon bó sin a dhúbailt an bhliain seo chugainn, ionas go mbeidh 24 bó aige ansin. Scríobh cothromóid leis an eolas sin a léiriú. Réitigh an chothromóid agus seiceáil do réiteach.

-
-
-
-
8. Tosaíonn dalta nua sa rang agus tá 25 dalta sa rang ansin. Abair gurbh é x líon na ndaltaí a bhí sa rang ar dtús. Scríobh an t-eolas sin mar chothromóid. Réitigh an chothromóid agus seiceáil do réiteach.

-
-
-
-
9. Bhí mála milseán ag Máiréad, agus thug sí leath na milseán d'Eoin. 20 milseán a fuair Eoin uaithe. Léirigh an scéal sin le cothromóid. Réitigh an chothromóid agus seiceáil do réiteach.

-
-
-
-
10. D'ardaigh an teocht ocht gcéim déag, agus is teocht cúig chéim déag a bhí ann ansin. Léirigh an t-eolas sin le cothromóid. Réitigh an chothromóid agus seiceáil do réiteach.

11. Dhúbail feirmeoir an líon bó a bhí aige, agus cheannaigh sé trí bhó sa bhreis ina dhiaidh sin. 29 bó a bhí aige ansin. Léirigh é sin le cothromóid agus réitigh an chothromóid. Cé mhéad bó a bhí aige ar dtús?
